
# 2 Maoiniú an rialtais láir d'údaráis áitiúla

Faigheann údaráis áitiúla go leor dá maoiniú bliantúil ó ranna agus gníomhaireachtaí éagsúla den rialtas láir (féach Fíor 2.1).

Is é is aidhm don tuarascáil seo forléargas a thabhairt ar na cistí a shreabhann ó fhoinsí rialtais láir agus tríothu, chuig údaráis áitiúla agus ar na cuspóirí ar soláthraíodh na cistí sin lena n-aghaidh.

Is iad bunfhoinsí an mhaoinithe rialtais láir ná an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta — trí Vóta 34 agus Ciste an Rialtais Áitiúil — agus an Roinn Iompair.

**Fíor 2.1 Sreabhadh an mhaoinithe ón rialtas láir d'údaráis áitiúla in 2023**




Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Tá seans nach mbeadh an sreabhadh maoinithe don Chiste Rialtais Áitiúil agus ón gCiste Rialtais Áitiúil cothrom in aon bhliain faoi leith.


## Cuid 1 Aistrithe an rialtais láir agus iarratas ar mhaoiniú rialtais láir

In 2023, b'ionann an maoiniú a thug an rialtas láir d'údaráis áitiúla agus beagnach €6.73 billiún. Glanmhéadú de thart ar €750 milliún (12%) a bhí ann ó 2022, agus méadú thart ar 83% ó 2018 (féach Fíor 2.2).


Ba iad na críocha a soláthraíodh maoiniú an Rialtais Láir ná tithíocht shóisialta agus inacmhainne, chomh maith le réimse leathan tacaíochtaí tithíochta eile; infheistíocht iompair; síntiús le haghaidh gníomhaíochtaí ginearálta údaráis áitiúil (tacaíocht bhuiséid); agus tacaíocht do thograí comhshaoil (féach Fíor 2.3).

In 2023, tháinig méadú thart ar €470 milliún (15%) ar an maoiniú le haghaidh tithíochta agus athnuachana, agus tháinig méadú os cionn €170 milliún (12%) ar an maoiniú d'infheistíocht iompair.

**Fíor 2.2 Maoiniú ón rialtas láir, 2018 – 2023[a]**




**Fíor 2.3 Anailís rangaithe de mhaoiniú an rialtais láir de réir na catagóire cláir, 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A


Nótaí:
a Rinneadh athbhreithniú ar an maoiniú iomlán do 2022 agus laghdaíodh de thart ar €52 mhilliún é, mar fhreagairt ar an eolas is déanaí a thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le linn iniúchadh 2023. Féach cuid 5 chun tuilleadh eolais a fháil.
b Ní chuirtear san áireamh fáltais €48.15 milliún de ranníocaíochtaí breise aoisliúntais agus táillí iniúchta ó údaráis áitiúla.
c Seirbhísí eile lena n-áirítear maoiniú €4 mhilliún do chaiteachas a bhaineann le Covid-19.


## Cuid 2 Tithíocht agus athnuachan

Cuireann an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta formhór an mhaoinithe ar fáil do chaiteachas údaráis áitiúil ar thithíocht agus athnuachan — thart ar 98% in 2023. Caitheann na húdaráis áitiúla an maoiniú ar stoc tithíochta sóisialta a sholáthar (á bhainistiú ag na húdaráis áitiúla nó na comhlachtaí tithíochta ceadaithe) agus ar thacaíochtaí tithíochta eile, lena n-áirítear an íocaíocht cúnaimh tithíochta (HAP), scéim chóiríochta ar cíos (SCC) agus cóiríocht do dhaoine gan dídean. Baintear úsáid as an maoiniú chomh maith chun feabhas a chur ar aonaid reatha tithíochta na n-údarás áitiúil agus deontais oiriúnaithe a sholáthar do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas. Tugadh maoiniú caipitil de thart ar €9.5 milliún go díreach do na húdaráis áitiúla in 2023 chun cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine a easáitíodh mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

Dáileann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar na húdaráis áitiúla chun athnuachan tuaithe a dhéanamh - €62 mhilliún sa bhliain 2023 (2022: €53 mhilliún). Baintear úsáid as an maoiniú chun tacú le scéimeanna atá dírithe ar fhoirgnimh fholmha, ar bhonneagar le tithíocht a fhorbairt i lár bailte, agus ar áiseanna pobail nó poiblí a fhorbairt a chuireann leis an oidhreacht nó a fheabhsaíonn sócmhainní pobail eile.

**Fíor 2.4 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh sa tithíocht agus san athnuachan, 2018 – 2023**




**Fíor 2.5 Miondealú an mhaoinithe chun críche tithíochta agus athnuachana, 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A


Nótaí: a Cuirtear maoiniú €168 milliún san áireamh ón leithdháileadh de cháin mhaoine áitiúil a bhfuil ar údaráis áitiúla os cionn an bhonnlíne a chaitheamh ar thithíocht in ionad mhaoiniú an Státchiste.

b Cuirtear maoiniú thart ar €500,000 san áireamh ón Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus ón Roinn Dlí agus Cirt.


## Cuid 3 Infheistíocht iompair

Cuireann an Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoiniú ar fáil d'údaráis áitiúla le hinfheistiú i mbóithre agus san iompar poiblí. Cuireann an Roinn Iompair maoiniú ar fáil do bhóithre réigiúnacha agus áitiúla, agus don taisteal gníomhach, díreach chuig na húdaráis áitiúla, agus soláthraítear maoiniú chun críche eile tríd an Údarás Náisiúnta Iompair agus an Bonneagar Iompair Éireann. Tacaíonn roinnt údarás áitiúil lena gcaiteachas ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla ó leithdháileadh na cánach maoine áitiúla (€16.5 milliún in 2023).

**Fíor 2.6 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla chun infheistíocht a dhéanamh san iompar, 2018 – 2023**




**Fíor 2.7 Infheistíocht iompair de réir na heagraíochta agus an róil, 2023[b]**




Foinse: An Roinn Iompair agus an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail


Nótaí:
a Cuirtear san áireamh an maoiniú do bhonneagar carranna leictreacha.
b Ní chuirtear san áireamh san fhíor seo an maoiniú €16.5 milliún ó leithdháileadh na cánach maoine áitiúla le caitheamh ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

## Cuid 4 Tionscnaimh chomhshaoil


Soláthraítear maoiniú d'údaráis áitiúla le haghaidh réimse seirbhísí comhshaoil, lena n-áirítear tionscadail uisce agus sláintíochta, bainistíocht dramhaíola agus cosaint tuilte.

Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú thart ar €31 mhilliún ar fáil d'údaráis áitiúla d'oibreacha cosanta tuilte in 2023 (2022: €28 milliún).

**Fíor 2.8 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla do thionscnaimh chomhshaoil, 2018 – 2023**




**Fíor 2.9 Tionscnaimh chomhshaoil — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A

Nóta: a Cuirtear san áireamh maoiniú €860,000 ón gCiste Rialtais Áitiúil.


## Cuid 5 Cláir éagsúla caipitil

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail €42 milliún ar fáil (2022: €44 mhilliún) d'údaráis áitiúla maidir leis an gclár LEADER, beagnach €10 milliún don chiste aitheantais pobail, díreach faoi bhun €6 mhilliún don chlár feabhsaithe pobail, agus an t-iarmhéid thart ar €6 mhilliún do réimse clár eile.

Chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maoiniú caipitil thart ar €37 milliún ar fáil do thionscadail forbartha calafoirt in 2023 (2022: €1.6 milliún).[a]

Dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, trí Bhord Fáilte, maoiniú de thart ar €6.5 milliún ar chláir ilghnéitheacha caipitil.

**Fíor 2.10 Maoiniú rialtais láir d'údaráis áitiúla do chláir ilghnéitheacha caipitil, 2018 – 2023[a,b]**




**Fíor 2.11 Cláir ilghnéitheacha caipitil — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A

Nótaí:
a Roimhe seo, thuairiscigh an Roinn aistrithe 2022 d'údaráis áitiúla lena n-áirítear €52 mhilliún a cuireadh ar fáil trí Bhord Iascaigh Mhara (BIM) d'fhorbairt an ghnó áitiúil agus d'fhorbairt thráchtála. D'úsáid BIM féin an maoiniú seo. Leasaíodh suimeanna 2022 da réir sin.

b Léirítear an maoiniú comhlán anseo. Ní chuirtear aisíocaíocht de €850,000 ó údaráis áitiúla san áireamh.


c Chuir Oifig na nOibreacha Poiblí maoiniú thart ar €400,000 ar fáil.

## Cuid 6 Scéimeanna fostaíochta

Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail díreach faoi bhun €55 mhilliún ar fáil (2022: €48 milliún) d’údaráis áitiúla don Chlár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP). Cuireadh thart ar €9.7 milliún (2022: €5 mhilliún) den mhaoiniú ar fáil le haghaidh tacaíochtaí do dhaoine a easáitíodh mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin.

In 2023, chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, trí Fhiontraíocht Éireann, €47 milliún (2022: €37 milliún) ar fáil d’údaráis áitiúla don chlár fiontair áitiúil arna soláthar ag na hoifigí fiontair áitiúil (LEOnna).

**Fíor 2.12 Maoiniú rialtais láir d’údaráis áitiúla le haghaidh scéimeanna fostaíochta, 2018 – 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A


## Cuid 7 Seirbhísí eile

In 2023, i measc na seirbhísí eile ar thacaigh maoiniú rialtais láir leo, bhí €51 mhilliún (2022: €16 mhilliún) ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige chun lóistín a chur ar fáil do dhaoine a easáitíodh mar gheall ar ionradh na Rúise ar an Úcráin. Áiríodh leis sin freisin maoiniú €7 milliún (2022: €7 milliún) ón Roinn Sláinte, a íocadh trí Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, le haghaidh seirbhísí tréidliachta údaráis áitiúil agus €4 mhilliún (2022: €4 mhilliún) ón Roinn Cosanta le haghaidh gníomhaíochtaí cosanta sibhialta.


Dháil an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, maoiniú €16.2 milliún (2022: €15.5 milliún) ar údaráis áitiúla in 2023, trí Spórt Éireann.

Dáileadh suim iomlán de €41 mhilliún in 2023 chun tacú le seirbhísí dóiteáin agus éigeandála (2022: €32.6 milliún). Fuarthas €31.6 milliún ón vóta Tithíochta — áiríodh leis sin €6.7 milliún do chostais tuarastail do chomhraiceoirí dóiteán ar áirithíocht mar thoradh ar chomhaontú de chuid an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre. Chuir FSS €9.2 milliún ar fáil freisin chun tacú le Seirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath.

**Fíor 2.13 Maoiniú rialtais láir d’údaráis áitiúla le haghaidh seirbhísí eile, 2018 – 2023**




**Fíor 2.14 Seirbhísí eile — foinsí agus cuspóirí an mhaoinithe, 2023**




Foinse: Iarscríbhinn 2A

Nótaí:
a Déantar sin a bhriseadh síos tuilleadh i bhFíor 2.14 idir seirbhísí ilghnéitheacha, cóiríocht do mhuintir na hÚcráine agus aisíocaíocht fóntais.
b Cuirtear maoiniú do linnte snámha i leith 2018 san áireamh.
c Cuirtear caiteachas a bhaineann le Covid-19 de bheagnach €4 mhilliún san áireamh.
d Tagraíonn ECC do Vóta na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

## Cuid 8 An Ciste Rialtais Áitiúil

Is ciste reachtúil é an Ciste Rialtais Áitiúil (LGF) atá á bhainistiú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an Roinn). Tagann fáltais an chiste ón Státchiste (tríd an Vóta) agus ó na fáltais ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ) a bhailigh na Coimisinéirí Ioncaim.


Tá an maoiniú LGF ón Státchiste beartaithe chun cabhrú le húdaráis áitiúla le pá agus pinsin agus le haghaidh scéimeanna ilghnéitheacha.

I dtreo dheireadh gach bliana, déanann an Roinn meastachán ar dhliteanas iomlán ionchasach CMÁ na n-úinéirí maoine don bhliain dár gcionn, agus ar 'ranníocaíocht um chomhionannú' ón Státchiste. Úsáidtear na réamh-mheastacháin seo, bunaithe ar shonraí na gCoimisinéirí Ioncaim, chun an leithdháileadh CMÁ a gheobhaidh údaráis áitiúla sa bhliain sin a fháil (féach Iarscríbhinn 2B le haghaidh an ríomha den leithdháileadh CMÁ 2023).

D'fhéadfadh sé nach mbeadh an CMÁ a bhailítear i mbliain ar leith ar aon dul le leithdháiltí na bliana sin toisc go bhféadfadh úinéirí maoine a CMÁ a íoc sa bhliain roimh an dliteanas, nó mar íocaíocht dhéanach i mbliain ina dhiaidh sin. Mar shampla, fuarthas €74 mhilliún d'fháltais CMÁ in 2023 don bhliain dliteanais 2024.

Tháinig méadú seasta ar chúlchistí LGF ó €84 mhilliún ag deireadh 2018 go thart ar €293 mhilliún ag deireadh 2023 — méadú thart ar 250% (féach Fíor 2.15). Tá sé ráite ag an Roinn go n-áirítear leis na príomhthosca a chuireann le barrachais bhliantúla maoiniú do chaiteachas tiomanta amach anseo, réamhíocaíochtaí CMÁ agus maoiniú um chomhionannú Státchiste nár caitheadh mar gheall ar fháltais CMÁ níos mó ná mar a ceapadh don bhliain reatha, lena n-áirítear riaráistí CMÁ. Dúirt an Roinn freisin gur bailíodh €136 mhilliún i riaráistí CMÁ ó bhí 2021 ann, agus nárbh fhéidir an bailiúchán sin a mheas roimh ré agus é a áireamh i leithdháiltí bliantúla CMÁ.

**Fíor 2.15 Cúlchistí dheireadh na bliana agus barrachas/ easnamh bliantúil an Chiste Rialtais Áitiúil, 2018 – 2023**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, cuntais an Chiste Rialtais Áitiúil

Cé go ndéanann an Roinn faireachán ar na haistrithe isteach sa LGF, níor cuireadh beartas cúlchistí don chiste i bhfeidhm go dtí mí Iúil 2024. Dúirt an Roinn gur comhaontaíodh foclaíocht an bheartais leis an Roinn Caiteachais Phoiblí. Dúirt sí freisin go bhfuil an Roinn Caiteachais Phoiblí ar an eolas faoi na cúlchistí LGF a mheastar mar chuid den phróiseas bliantúil meastachán. Thug an Roinn faoi deara freisin, le linn an phróisis seo, go bhféadfaí cuid de na cúlchistí a imfhálú chun críocha sonracha. Ag deireadh 2023, bunaithe ar chinneadh Rialtais, leithdháileadh thart ar €90 milliún de chúlchistí LGF chun costais tréigthe um chlaochlú san earnáil uisce a mhaoiniú in 2024. Baineann na costais seo le gealltanais chaiteachais uisce a leanann de bheith á n-íoc ag na húdaráis áitiúla gan sruth ioncaim comhfhreagrach.

## Iarscríbhinn 2A Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir chlár caiteachais, 2018 – 2023

Léirítear na treochtaí maoinithe d'údaráis áitiúla thar an tréimhse 2018 go 2023 i bhFíor 2A.1. D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt fíoracha leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

### *Foinsí maoinithe*

Is iad seo a leanas na foinsí maoinithe a tuairiscítear i bhFíor 2A.1

Oifig na nOibreacha Poiblí

An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

An Roinn Iompair

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

An Roinn Sláinte

An Roinn Dlí agus Cirt

An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

An Roinn Coimirce Sóisialaí

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

An Roinn Cosanta

An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta

Cuntas an Chiste Rialtais Áitiúil

## Fíor 2A.1 Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir chlár caiteachais, 2018 go 2023[a]

| Catagóir caiteachais | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Tithíocht agus athnuachan** | | | | | | |
| Soláthar tithíochta sóisialta | 1,704 | 2,024 | 2,156 | 2,413 | 2,693 | 3,025 |
| Tithíocht inacmhainne, etc. | — | — | — | 4 | 9 | 20 |
| Maoiniú bonneagair | 7 | 22 | 32 | 16 | 17 | 20 |
| Tacaíochtaí tithíochta eile | 215 | 258 | 340 | 324 | 420 | 536 |
| Athnuachan | 86 | 79 | 67 | 82 | 90 | 99 |
| | **2,012** | **2,383** | **2,595** | **2,839** | **3,229** | **3,699** |
| **Infheistíocht in iompar** | | | | | | |
| Feabhsú bóithre náisiúnta | 315 | 330 | 429 | 517 | 449 | 526 |
| Feabhsú bóithre réigiúnacha agus áitiúla | 461 | 512 | 573 | 606 | 644 | 685 |
| Iompar poiblí agus taisteal gníomhach | 36 | 40 | 109 | 209 | 348 | 400 |
| | **812** | **882** | **1,111** | **1,332** | **1,441** | **1,611** |
| **Tionscnaimh chomhshaoil** | | | | | | |
| Seirbhísí uisce agus sláintíochta | 102 | 107 | 63 | 73 | 74 | 81 |
| Oibreacha cosanta tuilte | 31 | 28 | 31 | 26 | 28 | 31 |
| Bainistíocht dramhaíola | 25 | 23 | 26 | 39 | 37 | 25 |
| Bearta comhshaoil eile | 13 | 6 | 3 | 8 | 13 | 20 |
| | **171** | **164** | **123** | **146** | **152** | **157** |
| **Clár ilghnéitheach chaipitil** | **64** | **85** | **103** | **62** | **60**[b] | **107** |
| **Scéimeanna fostaíochta** | **84** | **86** | **91** | **77** | **92** | **108** |

## Fíor 2A.1 Aistrithe an rialtais láir chuig údaráis áitiúla de réir chlár caiteachais, 2018 go 2023 (ar lean)

| Catagóir caiteachais | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Seirbhísí eile** | | | | | | |
| Linnte snámha | 1 | — | — | — | — | — |
| Seirbhísí dóiteáin agus slándála | 13 | 13 | 12 | 8 | 33[c] | 41[c] |
| Seirbhís leabharlainne | 7 | 6 | 7 | 7 | 4 | 6 |
| Deontais spóirt, clóis súgartha agus tionscadail chultúrtha | 22 | 30 | 45 | 40 | 49 | 64 |
| Seirbhísí oidhreachta (oidhreacht ailtireachta) | 1 | 4 | 5 | 10 | 13 | 16 |
| Seirbhísí ilghnéitheacha eile | 44 | 34 | 48 | 58 | 80 | 135 |
| | **88** | **87** | **117** | **123** | **179** | **263** |
| **Tacaíochtaí Covid-19** | | | | | | |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 le haghaidh rátaí tarscaoilte | — | — | 730 | 423 | 123 | — |
| Maoiniú a bhaineann le Covid-19 do ghnólachtaí | — | — | 687 | 78 | 14 | — |
| Cúnamh Covid-19 eile | — | — | — | 136 | 60 | 4 |
| | **—** | **—** | **1,417** | **637** | **197** | **4** |
| Leithdháiltí CMÁ — nach bhfuil sonrach do chlár/atá lánroghnach | 395 | 394 | 410 | 422 | 423 | 426 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le luach saothair íoctha ó LGF | 60 | 86 | 109 | 130 | 210 | 354 |
| | **3,686** | **4,167** | **6,076** | **5,768** | **5,984** | **6,729** |

Foinse: Iarscríbhinn 2A

Nótaí:
- a D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt fíoracha leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.
- b Rinneadh athbhreithniú agus laghdaíodh an méid sin síos go dtí thart ar €52 mhilliún mar gheall ar earráid sna suimeanna a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar fáil roimhe seo nár tháinig chun solais ach le linn scrúdú 2023.
- c Áirítear leis sin maoiniú ar luach thart ar €9 milliún ón Roinn Sláinte, a íocadh tríd FSS, do Sheirbhís Otharchairr Bhriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Ní áiríodh an maoiniú sin i bhfíoracha na mblianta roimhe mar gheall ar earráid a rinne an Roinn.

## Iarscríbhinn 2B Cáin mhaoine áitiúil a leithdháileadh

Leagtar amach maoiniú cánach maoine áitiúla (CMÁ) a fhaigheann gach údarás áitiúil, agus an méid is féidir a úsáid chun críocha na n-údarás áitiúil féin (i.e. maoiniú lánroghnach) i sceideal leithdháilte bliantúil a fhoilsítear ar shuíomh Gréasáin na Roinne. Tá meabhrán Rialtais mar thaca ag an bpróiseas leithdháilte, ina leagtar amach, *inter alia*, an t-uasmhéid maoinithe lánroghnach CMÁ is féidir le gach údarás áitiúil a fháil.

Tá gach údarás áitiúil i dteideal íosmhéid maoinithe a fháil ar a dtugtar maoiniú bonnlíne. Forlíontar leithdháileadh údaráis áitiúla nach bhfuil bonn láidir go leor maoine acu chun an t-íosleibhéal maoinithe seo a bhaint amach trí phróiseas ar a dtugtar comhionannú. Forlíonadh leithdháileadh an 20 údarás céanna áitiúil gach bliain ó 2020.

Go dtí 2023, choinnigh údaráis áitiúla 80% dá dtoradh réamh-mheasta CMÁ ar dtús agus athdháileadh an 20% eile ar údaráis áitiúla faoin mbonnlíne. Chuir an rialtas láir maoiniú ar fáil freisin do chomhionannú fáil freisin nuair nach raibh go leor ar fáil ón stór athdháilte.

Tar éis athrú ar an bpróiseas leithdháilte le haghaidh 2023, is féidir le húdaráis áitiúla os cionn na bonnlíne a dtoradh réamh-mheasta CMÁ go léir a choinneáil, toisc go dtagann an maoiniú um chomhionannú ar fad ón Státchiste anois (€110 milliún in 2023) nó ó chúlchistí LGF.

Tá cead ag údaráis áitiúla an ráta ag a n-íocann úinéirí maoine áitiúla CMÁ a athrú. Nuair a bhíonn údaráis áitiúla éagsúil ó thaobh rátaí de, i gcás go mbíonn an éagsúlacht sin níos airde coimeádann siad an t-ioncam méadaithe, agus i gcás coigeartaithe síos, bíonn laghdú ar an leithdháileadh a fhaigheann siad. San iomlán, tháinig laghdú €7 milliún ar leithdháiltí CMÁ in 2023 (2022: laghdú €4 mhilliún) mar gheall ar athruithe áitiúla.

Tá ceanglas ar údaráis áitiúla os cionn na bonnlíne roinnt dá leithdháileadh a úsáid ar chaiteachas tithíochta agus iompair a mhaoineodh an Státchiste murach sin. Bhí €184 mhilliún air sin in 2023 (2022: €101 mhilliún).

| | Údaráis os cionn na bonnlíne | Údaráis faoi bhun na bonnlíne | 2023 Uile | 2022 Uile |
|---|---|---|---|---|
| **Líon na n-údarás áitiúil** | **11** | **20** | **31** | **31** |
| | **€m** | **€m** | **€m** | **€m** |
| Toradh tuartha CMÁ iomlán | 355 | 144 | 499 | 494 |
| Coinneáil áitiúil[b] | 355 | 144 | 499 | 395 |
| Maoiniú um chomhionannú | | | | |
| — Athdháileadh CMÁ (20%)[b] | — | — | — | 99 |
| — Ranníocaíocht an státchiste | — | 118[c] | 118 | 34 |
| **Leithdháiltí CMÁ réamh-athraitheacha** | **355** | **262** | **617** | **528** |
| Coigeartú i leith athruithe áitiúla ar an ráta cánach | (22) | 14 | (7) | (4) |
| | **333** | **277** | **610** | **524** |
| **Ina measc[b]** | | | | |
| **— d'úsáid ghinearálta an údaráis féin** | **149** | **277** | **426** | **423** |
| **— féin-mhaoiniú tithíochta agus bóithre** | **184** | **—** | **184** | **101** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta

Nótaí: a D'fhéadfadh nach dtiocfadh roinnt fíoracha leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

b Roimh 2023, dáileadh 20% de thoradh réamh-mheasta na n-údarás áitiúil os cionn na bonnlíne orthu siúd faoin mbonnlíne. Ó 2023 i leith, is é an Státchiste a sholáthraíonn an maoiniú um chomhionannú.

c Áirítear leis sin €8 milliún a leithdháileadh ó chúlchistí LGF.